

# SIAMSÁN SA MBAILE!

## Ag Cócaireacht sa Chistin (Uibheagán)

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Lean an t-oidéas thíos le huibheagán blasta a dhéanamh don lón!

Nuair atá tú críochnaithe is féidir pictiúr de a sheoladh chuig: [eolas@tuismitheoiri.ie](mailto:eolas@tuismitheoiri.ie)

Roghnófar buaiteoir ar an 24 Aibreán mar sin bíodh na pictiúir againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

**An Duais:** Deis ar dhearbhán €40 dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

## Uibheagán Blasta le cáis agus liamhás

### Comhábhair

2 Ubh

15g Margairín/Im

1 Sp Bhoird Uisce

Salann & Piobar

Luibheanna measctha

2 Sp Bhoird Ola

25g Cáis Ghrátáilte

1 Slis Liamháis (gearrtha ina píosaí beaga)

3 Muisiriún

Modh:

1. Nigh & gearr na muisiriúin ina bpíosaí beaga. Doirt spúnóg bhoird ola isteach i sáspan, caith isteach na muisiriúin agus fág ag friochadh ar feadh nóiméad nó dhó.
2. Buail na huibheacha, an t-im, an t-uisce, na luibheanna agus an salann & piobar le chéile.
3. Téigh spúnóg bhoird d'ola sa bhfriochtán. Doirt an meascán isteach ann agus fág ag friochadh ar feadh nóiméad nó dhó.
4. Cuir an cháis, an liamhás agus na muisiriúin ar a bharr.
5. Fill an t-uibheagán.
6. Bain den bhfriochtán é tar éis 5 nóiméad agus cuir ar phláta te é.
7. Bain sásamh as do shaothar!

# 'TIOCFAIMID SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsiú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,  
Oidhreacht agus Gaeltachta  
Department of Culture,  
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta